# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/2073 ÓN gCOMHAIRLE

**an 25 Meán Fómhair 2023**

**a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 186, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 98/591/CE ([2]), d'fhormheas an Chomhairle tabhairt chun críche an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá ([3]) ('an Comhaontú'). Síníodh an Comhaontú in Washington DC an 5 Nollaig 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm an 14 Deireadh Fómhair 1998.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 12, pointe (b), den Chomhaontú, tugadh an Comhaontú i gcrích go ceann tréimhse thosaigh 5 bliana. Faoi réir athbhreithniú ag na Páirtithe sa bhliain deiridh de gach tréimhse chomhleanúnach, féadfar síneadh a chur leis an gComhaontú le leasuithe féideartha, go ceann tréimhsí breise 5 bliana trí chomhaontú frithpháirteach i scríbhinn idir na Páirtithe.

(3) Trí bhíthin Chinntí 2004/756/CE ([4]), 2009/306/CE ([5]), 2014/240/AE ([6]) agus (AE) 2018/1578 ([7]), d'fhormheas an Chomhairle síneadh a chur leis an gComhaontú go ceann tréimhse bhreise 5 bliana. Rachaidh an Comhaontú in éag an 14 Deireadh Fómhair 2023.

(4) An measúnú a rinne an Choimisiúin, léiríonn sé go soiléir go soláthraítear leis an gComhaontú creat tábhachtach chun comhar idir an tAontas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a éascú i réimsí tosaíochta comhchoiteanna ó thaobh eolaíochta agus teicneolaíochta, a mbeidh leasanna frithpháirteacha ann dá bharr. Is chun leas an Aontais é, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an gComhaontú go ceann tréimhse breise 5 bliana.

(5) Dheimhnigh na Páirtithe gur mian leo síneadh a chur leis an gComhaontú go ceann 5 bliana breise leis an malartú litreacha eatarthu, dar dáta an 7 Samhain 2022 agus an 13 Nollaig 2022.

---

([1]) Toiliú ón 13 Meán Fómhair 2023 (nár folsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Cinneadh 98/591/CE ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 284, 22.10.1998, lch. 35).

([3]) IO L 284, 22.10.1998, lch. 37.

([4]) Cinneadh 2004/756/CE ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2004 maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe lena n-athnuaitear an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 335, 11.11.2004, lch. 5).

([5]) Cinneadh 2009/306/CE ón gComhairle an 30 Márta 2009 maidir le síneadh agus leasú an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 90, 2.4.2009, lch. 20).

([6]) Cinneadh 2014/240/AE ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 128, 30.4.2014, lch. 43).

([7]) Cinneadh (AE) 2018/1578 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018 maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 263, 22.10.2018, lch. 1).

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh an Chomhaontaithe a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, síneadh a chur leis an gComhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá, go ceann tréimhse bhreise 5 bliana.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar cheann an Aontais, fógra do Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá go bhfuil tugtha chun críche ag an Aontas a chuid nósanna imeachta inmheánacha is gá chun síneadh a chur leis an gComhaontú i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 12, pointe (b), den Chomhaontú.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
H. GÓMEZ HERNÁNDEZ